Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 11 Nollaig 2018
(OR. en)

15151/18
ADD 1 REV 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0371(COD)**

CODEC 2210
JAI 1244
ASIM 160
FRONT 433

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 516/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, maidir le hathghealladh a dhéanamh ar a bhfuil fágtha de na méideanna a gealladh chun tacú le cur chun feidhme Chinneadh (AE) 2015/1523 ón gComhairle agus Chinneadh (AE) 2015/1601 ón gComhairle nó maidir le leithdháileadh na méideanna sin ar ghníomhaíochtaí eile faoi na cláir náisiúnta **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>- Ráitis |

**Dearbhú ón gComhairle**

Dearbhaíonn an Chomhairle gur cúinsí an-sonracha eisceachtúla i dtaobh cur chun feidhme cinntí athshocrúcháin is cúis leis an gcomhaontú atá déanta aici maidir le hathghealladh nó aistriú na méideanna atá fágtha faoi chláir náisiúnta an Chiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht – ina bhfuil, ar bhonn eisceachtúil, síneadh leis an tréimhse saortha agus athghealladh méideanna – agus ar an ábhar nach mbaineann sin ach leis an gcás sonrach seo amháin, cás AMIF, nach ionann an comhaontú sin agus fasach.

**Ráiteas ón Ungáir**

Chun dul i ngleic leis an méid is príomhchúis le fadhb na himirce ní mór cur chuige nua a úsáid, mar a leagtar amach é i gConclúidí mhí an Mheithimh 2018 ón gComhairle Eorpach, d'fhonn samhail ghnó na smuigléirí a smiotadh go buan, deireadh a chur leis na dreasachtaí le tabhairt faoi thurais chontúirteacha agus srian a chur ar an sreabhadh neamhdhleathach imirceach.

Má leithdháiltear 20 % ar a laghad de na méideanna athghealltа an athuair ar athlonnú agus ar athshocrú, ní hamháin go mbeidh sé sin ag teacht salach ar na príomhchuspóirí atá leagtha amach ag an gComhairle Eorpach, ach is é an toradh a bheadh air, ar an gcuma chéanna, éifeachtúlacht íseal a gcur chun feidhme agus d'fhéadfadh sé a bheith ina thoisc tarraingthe. Ina theannta sin, is mian leis an Ungáir cineál iomlán deonach an athshocraithe agus an athlonnaithe a athdhearbhú i gcomhréir le Conclúidí mhí an Mheithimh 2018 ón gComhairle Eorpach; dealraítear dá réir freisin go bhfuil an cur chuige atá molta 20 % den mhéid athghealltа a chur i leataobh le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin ag teacht salach ar chineál deonach na ngníomhaíochtaí agus ar an méid a chomhaontaigh na Ballstáit go léir. Ina theannta sin, forchuireann sé pionós airgeadais *de facto* ar na Ballstáit sin, nach gcuireann — dá rogha shaor beartais féin — athshocrú ná athlonnú chun feidhme.

Cé go bhfuil bearna mhaoiniúcháin i réimse na gné seachtraí, ní féidir linn an deis a chailleadh oiread acmhainní agus atá ar fáil a sholáthar chun freastal ar na riachtanais sin. Mar sin de, is é tiomantas na hUngáire leanúint den chur chuige nua agus é a threisiú ionas nach dtarlóidh arís, mar a tharla in 2015, sreabha gan srian, agus go gcuirfear srian breise ar an imirce neamhdhleathach feadh gach bealach chun na hEorpa arb ann dó agus gach bealach nach ann dó fós. Dá réir sin, meabhraíonn an Ungáir an gá atá le solúbthacht iomlán maidir leis na méideanna atá fágtha a leithdháileadh.

Dá bhrí sin, dearbhaíonn an Ungáir nach dtacaíonn sí leis an togra, go háirithe an cur chuige atá molta i ndáil le 20% ar a laghad de na méideanna athghealltа a leithdháileadh ar ghníomhaíochtaí faoi na cláir náisiúnta um aistriú na n-iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta nó tairbhithe na cosanta sin, le haghaidh athlonnaithe nó iontrálacha daonnúla *ad-hoc* eile, agus le haghaidh bearta eile dlúthpháirtíochta i dtaca le díbhordáil san Aontas i ndiaidh oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála.

**Ráiteas ón bhFionlainn**

Ba mhian leis an bhFionlainn a dhearbhú gur léirigh Cinneadh (AE) 2015/1523 ón gComhairle agus Cinneadh (AE) 2015/1601 ón gComhairle go raibh gníomhaíochtaí sa réimse a bhaineann le hathshocrú de dhíth agus gur leithdháileadh, ar dtús, an maoiniú ón gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (AMIF) chun na cinntí seo a chur chun feidhme. Is oth leis an bhFionlainn nár urramaigh gach Ballstát na críocha a bhí ann sa chéad áit i ndáil leis na cinntí ón gComhairle.